

POLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022

SCÉIM AITHEANTAIS SCOILEANNA GAELTACHTA

**NÓTA TREORACH DO BHUNSCOILEANNA
agus d'IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA
2018-19**

**CUAIRTEANNA COMHAIRLEACHA na CIGIREACHTA
&**

**ÚSÁID na nUAIREANTA BREISE PÁIRTAIMSEARHTHA
do THACAÍOCHT NA GAELIGE**

An tAonad um Oideachas Gaeltachta



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

1. Réamhrá

Sa nóta treorach seo tugtar eolas do phríomhoidí/scoileanna faoi:

- 1) **Na cuairteanna comhairleacha** a dhéanfaidh an Chigireacht le linn na scoilbhliana 2018/19 chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (*Scéim*).
- 2) **Úsáid na n-uaireanta breise páirtaimseartha do thacaíocht na Gaeilge** atá curtha ar fáil do scoileanna atá páirteach sa *Scéim*.
- 3) **Na hacmhainní agus na hábhair tacaíochta** atá ar fáil chun tacú leis na scoileanna sa *Scéim*.

Le linn na scoilbhliana 2018/19, beidh na gníomhartha á bhfeidhmiú ag na scoileanna sa *Scéim* chun na critéir theanga-bhunaithe don tumoideachas a bhaint amach. Tabharfar faoi chuirteanna comhairleacha na Cigireachta taobh leis an bhforbairt ghairmiúil a chuirfidh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus seirbhísí tacaíochta eile¹ ar fáil.

Beidh ar gach scoil atá rannpháirteach sa *Scéim* a plean gníomhaíochta don tumoideachas a chur i bhfeidhm agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh air. Leanfar le próiseas sé-chéim na féinmheastóireachta scoile (FMS) agus beidh an foilseachán *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna* mar bhonn leis an obair sin. Tá sé tábhachtach go bhfuil na spriocanna agus na gníomhartha ag teacht leis na critéir theanga-bhunaithe (13 chritéar do bhunscoileanna agus 11 chritéar d'iar-bhunscoileanna). Cuirfidh na cigirí comhairle agus tacaíocht ar fáil do na scoileanna atá ar an aistear forbartha seo chun cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge a neartú agus chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

Mír 1: Na Cuairteanna Comhairleacha 2018/19

1.1 Cuspóir na gcuairteanna comhairleacha

Is é an cuspóir atá le cuairteanna comhairleacha na Cigireachta ná tacú leis na scoileanna atá rannpháirteach sa *Scéim* a bpleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le cáilíocht an oideachais trí Ghaeilge a neartú, agus úsáid na Gaeilge i measc phobal na scoile a mhéadú.

An ról atá ag an gcigire le linn na gcuairteanna comhairleacha seo ná na scoileanna a spreagadh, ceisteanna a chur agus a fhreagairt, tacaíocht, comhairle agus dearbhú a thabhairt, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, dea-chleachtas a aithint agus cuidiú leis an scoil dul i ngleic leis na dúshláin san aistear chun stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

¹ Seirbhísí tacaíochta náisiúnta eile do scoileanna:

- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (www.pdst.ie)
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (www.jct.ie)
- Lárionad Ceannaireachta Scoile (www.cslireland.ie)

1.2 An Cur Chuige

Ullmhú don chuairt

Bheadh sé tairbheach do na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna a bheith eolach ar na cáipéisí seo a leanas:

Bunscoileanna:

- An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna* (www.schoolself-evaluation.ie)
- An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-20: Bunscoileanna* (www.schoolself-evaluation.ie)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015). *Curaclam Teanga na Bunscoile* (www.ncca.ie)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creat-churaclam na Luath-Óige* (www.ncca.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). Imlitir 0021/2018. *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta i Limistéir Pleanála Teanga na Gaeltachta: An Chéad Chéim Fheidhmithe Eile (Aibreán 2018 go deireadh na scoilbhliana 2018)* (www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta - Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais* (www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). Imlitir 0016/2018: *Athghabháil do Phróiseas na Féinmheastóireachta Scoile (FMS) i mBunscoileanna* (www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). Imlitir 0033/2017: *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta i Limistéir Pleanála Teanga na Gaeltachta: An Chéim Fheidhmithe Tosaigh (Aibreán 2017 go Meitheamh 2018)* (www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). Imlitir 0039/2016: *Leanúnachas le Féinmheastóireacht Scoile a Chur i bhFeidhm 2016-2020: Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta* (www.education.ie)

Iar-bhunscoileanna

- An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* (www.schoolself-evaluation.ie)
- An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-20: Iar-bhunscoileanna* (www.schoolself-evaluation.ie)
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2017). *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)* (www.ncca.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). Imlitir 0022/2018. *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta d'Iar-bhunscoileanna i Limistéir Pleanála Teanga na Gaeltachta: An Chéad Chéim Fheidhmithe Eile (Aibreán 2018 go deireadh na scoilbhliana 2018)* (www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). *Dréacht-Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta - Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais* (www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). Imlitir 0034/2017: *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta d'Iar-Bhunscoileanna i Limistéir Pleanála Teanga na Gaeltachta: An Chéim Fheidhmithe Tosaigh (Aibreán 2017 go Meitheamh 2018)* (www.education.ie)
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). Imlitir 0040/2016: *Leanúnachas le Féinmheastóireacht Scoile a Chur i bhFeidhm 2016-2020: Iar-bhunscoileanna* (www.education.ie)

1.3 An Chuairt Chomhairleach

- Cuirfidh an cigire glaoch gutháin ar an scoil chun dáta agus am na cuairte a shocrú. Pléifear cuspóir na cuairte, na critéir theanga ar leith atá aitheanta ag an scoil le baint amach agus na gnéithe den phlean gníomhaíochta atá le cur i bhfeidhm don scoilbhliain reatha.
- Cinnteoidh an cigire na socrúithe a aontaíodh leis an bpríomhoide ar ríomhphost.

- Reáchtálfar an chuairt chomhairleach i rith am scoile. Mairfidh an chuairt idir uair go leith agus dhá uair an chloig.
- Buailfidh an cigire leis an bpríomhoide; beidh sé de rogha ag an scoil ball eile den fhoireann teagaisc a bheith i láthair chomh maith.
- Beidh scoileanna ag céimeanna éagsúla ina n-aistear i soláthar an tumoideachais. Cuirfear comhairle ar na scoileanna de réir mar a éilítear agus d'fhéadfaí go mbeadh na pointí seo a leanas i gceist sa chomhairle sin:
 - Treoir a thabhairt don scoil maidir le tosaíochtaí d'obair na bliana 2018-19, na spriocanna atá aitheanta agus na gníomhartha atá le feidhmiú ag cur staid reatha na scoile maidir leis an tumoideachas san áireamh.
 - Plé a dhéanamh leis an scoil le fáil amach an bhfuil:
 - na tosaíochtaí oiriúnach do chomhthéacs teangeolaíochta na scoile
 - na gníomhartha atá leagtha amach oiriúnach chun na spriocanna a bhaint amach
 - cleachtas comhchoiteann na múinteoirí aitheanta agus plé comhghairmiúil ag tarlú
 - ról an oide aonair i gcur i bhfeidhm na mionspriocanna sa seomra ranga rianaithe go soiléir
 - straitéisí teagaisc agus foghlama cuí pleanáilte
 - difreáil curtha san áireamh do na cainteoirí dúchais, do na foghlaimeoirí, do dhaltáí/scoláirí le héagsúlacht cumais
 - an dea-chleachtas maidir leis an tumoideachas atá sa scoil cheana féin aitheanta
 - úsáid á baint as *Curaclam Teanga na Bunscoile / Creat Nua na Sraithe Sóisearaí* agus *Sonraíocht Ghaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí*
 - úsáid á baint as an bpróiseas sé-chéim féinmheastóireachta scoile agus as an *gCreat Cáilíochta do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna (Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna)*
 - ceannasaíocht á forbairt i measc na foirne chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta
 - i gceist achoimre a dhéanamh ar an tuairisc fhéinmheastóireachta agus an plean feabhsúcháin scoile agus machnamh déanta ar an mbealach is fearr chun leagan gonta, soiléir, fiúntach a chur ar fáil don phobal scoile
 - comhoibriú idir an scoil agus an coiste pleanála teanga áitiúil
 - pleanáil chuí déanta d'úsáid éifeachtach na n-uaireanta breise teanga don teagasc agus don fhoghlaim san suíomh tumoideachais
 - úsáid á baint as an *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais*.
- Pléifear na tacaíochtaí agus na hacmhainní breise atá á bhfáil ag an scoil agus an tairbhe atá á baint astu (mar shampla, COGG / An Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL) / An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) / An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM); An tSeirbhís Tacaíochta um Chuimsiú (ISS); líonraí/Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) / forais iontaobhais / forais bhainistíochta / coistí/ cumainn áitiúla/gníomhaireachtaí agus/nó seirbhísí eile.
- Ní chuirfear taifead i scríbhinn ar an gcuairt ar fáil don scoil ach beidh sé de rogha ag an bpríomhoide nótaí a bhreacadh síos le linn an phlé más mian leis/léi.

Mír 2: Na hUaireanta Breise Páirtaimseartha do Thacaíocht Teanga na Gaeilge (Imlitreacha 0021/2018 agus 0022/2018)

Ní mór na huairanta breise páirtaimseartha, atá ceaptha d'fhonn tacú leis an nGaeilge, a úsáid chun freastal ar riachtanais teanga na ndaltaí/scoláirí, idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimoirí Gaeilge, chun a gcuid scileanna sa Ghaeilge a fhorbairt agus a shaibhriú (Imlitir 0021/2018 agus Imlitir 0022/2018).

2.1 Bealaí chun na huairanta teanga breise a úsáid ar mhaithe le scileanna teanga na ndaltaí/scoláirí a fhorbairt agus a shaibhriú

Chun tacú le cur chun feidhme na n-uairanta breise chun líofacht, saibhreas agus cruinneas na ndaltaí/scoláirí a chothú sa Ghaeilge, áirítear na cuir chuige seo a leanas:

- saibhreas teanga a chothú i measc na gcainteoirí dúchais mar bhuíon sa seomra príomhshrutha le linn an bhuíontegaic nó ina ngrúpaí aistarraingthe ón rang de réir mar is gá
- clár luath-idirghabhála do litearthacht na Gaeilge a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán i gcomhpháirt leis an múinteoir príomhshrutha. Díreofar aird ar leith ar shainriachtanais teanga na gcainteoirí dúchais chomh maith leis na foghlaimoirí Gaeilge
- pleanáil i gcomhar leis na múinteoirí príomhshrutha chun clár idirdhealaithe litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an tumoideachais
- forbairt a dhéanamh ar theanga chognaíoch na ndaltaí/scoláirí (i.e. téarmaíocht na n-ábhar éagsúil) chun tacú le teanga ábhar-bhunaithe sna hábhair churaclaim eile i gcomhpháirt le príomhoide agus le foireann na scoile
- tacaíocht a thabhairt don chlár *Aistear* agus don spraoi samhlaíoch trí mheán na Ghaeilge chun réimse leathan d'eispéiris foghlama a éascú i ranganna na naíonán
- tacú le forbairt scileanna léitheoireachta agus saibhriú teanga na ndaltaí/scoláirí
- tacú le forbairt scileanna scríbhneoireachta agus cruinneas teanga na ndaltaí/scoláirí
- measúnú foirmitheach/suimitheach/diagnóiseach/caighdeánach a dhéanamh ar chumas teanga na ndaltaí /scoláirí agus a ndul chun cinn a rianú, i gcomhpháirt leis an múinteoir ranga/múinteoir tacaíochta foghlama/múinteoir acmhainne
- comhoibriú leis na na comhpháirtithe éagsúla don tacaíocht teanga chun ról na múinteoirí agus na gcúntóirí teanga (sna cásanna ina bhfuil an tseirbhís seo ar fáil don scoil) a chinntiú i dtaca le tacaíocht teanga idirdhealaithe a sholáthar do na daltaí/scoláirí.

Ba chóir do cheannaireacht agus bhainistíocht na scoile monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcaoi a théann úsáid na n-uairanta atá ceaptha do thacaíocht teanga na Gaeilge chun cáilíocht na foghlama a fheabhsú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an tsoláthair dá réir.

Mír 3: Acmhainní agus Ábhair chun Tacú le Scoileanna

3.1 Liosta d'acmhainní agus d'ábhar tacaíochta

Áirítear an méid seo a leanas i measc na n-acmhainní atá ar fáil chun tacú leis na scoileanna sa *Scéim*:

- Acht na Gaeltachta 2012: Alt12 (b)
- Acht Oideachais 1998: Alt 9 (f) agus (h)
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (www.cogg.ie)
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2014). *Acht na Gaeltachta, 2012: Treoirlínte Pleanála Teanga*. (www.ahrrga.gov.ie)
- An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna (www.education.ie)
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2017). *Cur Chuige Cothromaithe i leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoileanna*. (www.neps.ie)
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) (www.pdst.ie)
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit (www.examinations.ie)
- Rialtas na hÉireann (2010). *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.
- Séideán Sí (www.seideansi.ie)
- Údarás na Gaeltachta (www.udaras.ie)

3.2 Eolas breise

Ba chóir fiosruithe maidir le feidhmiú na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta nó fiosruithe eile maidir le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a sheoladh go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó tríd an gnáthphost chuig:

An tAonad um Oideachas Gaeltachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Bloc 3, Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 RC96.